Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí i gCeol na hIdirbhliana 2025-2026




EFG 2024-2025


BY NC

# Ag foghlaim le chéile…


- déanfaimid iniúchadh ar Ráiteas Chlár nuafhoilsithe na hIdirbhliana 2024 trí imscrúdú a dhéanamh ar mhodúl féideartha 10 gceacht do Cheol na hIdirbhliana
- déanfaimid imscrúdú ar an gcaoi a gcuirtear beocht i bPríomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí trí eispéiris foghlama mholta don mhodúl Ceoil seo na hIdirbhliana

# Príomhdhoiciméid

Oide




Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach
Lún 2024




Raiteas an Chláir Idirbhliana
Lún 2024

- Foilsithe Lúnasa 2024
- Ar fud na scoileanna go léir i Meán Fómhair 2025
- In 2024/25, beidh deis ag gach scoil iniúchadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar a nIdirbhliain
- 4 Ghné Scoláire cónásctha, agus béim ar leith ar *A Bheith i d'Fhoghlaimeoir*
- Intreoir ar Phríomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí

Ar fáil le híoslódáil ar curriculumonline.ie/ga-ie/

# Clár Idirbhliana Nua – Réamhrá




Físeán ar fáil ar oide.ie

Agus tú ag féachaint ar an bhfíseán seo, scríobh síos aon cheisteanna a bheadh agat

## Comhthéacs na Scoile

- Rang Amháin don bhliain iomlán – Roghnach
- Modúl amháin déanta arís agus arís eile 3 huaire
- Éigeantach do gach scoláire
- Oideachas Ealaíon / Stáidéar Cruthaitheach
- Ceoldráma Bliantúil / Ócáid Chomhoibríoch
- Téamaí do mhodúil arna gcinneadh ag an scoil

## Comhthéacs na Scoláirí

- An tSraith Shóisearach seachas gan Sraith Shóisearach
- Ní dhearna siad staidéar ar cheol riamh
- Rinne siad staidéar ar cheol taobh amuigh den scoil
- Níl aon suim sa cheol acu
- Fiosrach faoin gceol
- Ó scoil/tír eile
- Taibheoir cumasach ach níl taithí ar bith acu le teoiric an cheoil

# Deis do Cheol Idirbhliana a iniúchadh

Oide

- Comhthéacs do scoláirí a shainaithint
- Breac-chuntas a thabhairt ar chomhthéacs do scoile
- Cur síos ar na heispéiris foghlama a bhíonn ag scoláirí ceoil na hIdirbhliana faoi láthair



# Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

*Tá sé mar aidhm ag an tsraith shinsearach leanúint le hoideachas iomlánaíoch a chur ar an duine.*

*Tá sé tábhachtach go n-idirdhealaítear an IB mar bhliain aonair laistigh den tsraith shinsearach. Sa chás ina gcruthaíonn ábhair nó modúil na sraithe sinsearaí bonnchloch na IB, féadann múinteoirí, i dteannta a chéile, a neamhspleáchas gairmiúil a úsáid le socrú ar na hoideolaíochtaí is spreagúla nuálaí, agus san am céanna, tacú le dul chun cinn an scoláire ar fud na dtáscairí forbartha.*


Ráiteas an Chláir Idirbhliana (2024), l. 17

# Réasúnaíocht na hIdirbhliana

- *Domhan a bhíonn ag athrú go pras*
- *Neamhspleáchas do scoileanna*
- *Deiseanna chun príomhinniúlachtaí a fhorbairt*
- *Réimse níos leithne féidearthachtaí agus conairí*
- *Ionchuimsitheach agus cuimsítear an ilchineálacht ann*
- *Daoine atá oiriúnaitheach, comhbhách, inniúil agus athléimneach*

Ráiteas an Chláir Idirbhliana (2024), l. 7

# Cad é atá Nua?





- **Gnéithe Scoláire**
  Ta gnéithe scoláire lárnach sa chlár agus déantar cur síos ar na bealaí inar féidir leis an scoláire forbairt a dhéanamh san IB agus na heispéiris a bhféadfaí tacú leis an bhforbairt seo

- **Gnéithe Curaclaim**
  Soláthraítear na paraiméadair deartha chun cabhrú le scoileanna a gclár IB a dhearadh, a mheastóireacht agus a athnuachan

# Cuimsíonn gach ceann de na ceithre Ghné Scoláire...

Oide





Ráiteas an Chláir Idirbhliana (2024), l. 8-13

**Táscairí Forbartha**

Cé go leagtar amach na paraiméadair don fhoghlaim agus don fhorbairt sna táscairí forbartha, forbróidh an scoláire ar bhealaí difriúla, a bheag nó a mhór, i ngach ceann de na táscairí. Ar an mbealach sin, treoir mhachnamh atá iontu chomh maith don scoláire

Tá na **hEispéiris Scoláire** ceaptha le héagsúlacht de dheiseanna agus de chomhthéacsanna féideartha a sholáthar chun tacú le foghlaim agus forbairt scoláire a bheadh ag teacht leis na táscairí forbartha. Níl na táblaí d'eispéiris scoláire ceaptha lena bheith ina liostaí uileghabhálacha. Ceapadh iad le treoir a chur ar fáil do scoileanna agus iad ag pleanáil.

# Gnéithe Scoláire Nua na hIdirbhliana




Le chéile in bhur ngrúpa, breithnígí conas a d’fhéadfadh bhur rogha Gné Scoláire bonn eolais a chur faoin bhfoghlaim in bhur seomra ranga

# An Curaclam a Dhéanamh

Oide

*'A clear statement of aims in curriculum policy is only the starting point. It should be accompanied by systematic sense-making by teachers. Clarity of purpose is a necessary prerequisite for constructive and purposeful curriculum making.*

CONAS?

*It requires teachers to be more than simple implementers of policy, but instead, professionals who interpret, translate, mediate and enact policy through the exercise of professional judgment.'*

…Priestley & Xenofontos (2021), *Curriculum making: Key Concepts and Practices*, l.5

# Téigh ar an Turas Foghlama!

Oide

| CÉN FÁTH a bhfuilimid ag dul ann? | CÉ atá ag teacht? | CÉN ÁIT ar mhaith linn dul? | CONAS is féidir linn dul ann? | CAD É a d'fhoghlaim an foghlaimeoir? |
|---|---|---|---|---|
| Ráiteas an Chláir Idirbhliana | An Foghlaimeoir | An Fhoghlaim | Oideolaíocht | Measúnú |

# Modúl Féideartha Ceoil don Idirbhliain

Oide

## Modúl Ceoil na hIdirbhliana


Gluais

Oide — Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí — Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Gearrtheideal a chuireann síos go soiléir ar an modúl |
| **Réasúnaíocht** (Cén fáth?) | Cur síos soiléir gonta ar an gcúis a bhfuil an fhoghlaim sa mhodúl seo ábhartha do scoláirí na Sraithe Sinsearaí |
| **Aidhm** | Cur síos ar na Táscairí Forbartha ó Ráiteas Chlár na hIdirbhliana atá le fáil sa mhodúl seo. Nascfaidh na ráitis seo leis an réasúnaíocht. |
| **Comhthéacs** | An Forléargas ar cé a bheidh ag gabháil don mhodúl seo, a gcuid ábhair spéise cheoil, a gcuid taithí agus eolas ábhartha eile. (Cé?) |
| **Leithdháileadh Ama** | Fad agus líon na gceachtanna atá beartaithe don mhodúl seo. |
| **Torthaí Foghlama** | Cur síos ar an bhfoghlaim atáthar ag dúil go mbeadh an scoláire in ann a léiriú ag deireadh an mhodúil seo i.e., toradh na foghlama. Nascfaidh na ráitis seo leis an aidhm. (Cén áit?) |
| **Gnéithe Scoláire** | Na Táscairí Forbartha ábhartha a shainaithint a tógadh ón rogha gnéithe scoláire a fhorbraítear trí na heispéiris foghlama sa mhodúl seo. |
| **Teagasc d'Fhoghlaim an Scoláire** (Conas?) | Cur síos ar na straitéisí oideolaíocha agus ar na heispéiris foghlama a chuirfidh ar chumas scoláirí a bheith ina bhfoghlaimeoirí ar feadh an tsaoil. Nascfaidh na modheolaíochtaí nuálacha, cuimsitheacha, foghlaim ghníomhach seo agus na cuir chuige chuí scoláire-lárnacha le haidhmeanna agus le torthaí foghlama an mhodúil seo. |
| **Measúnú** (Cad é?) | Cur síos ar thascanna leanúnacha, cleachtaí athmhachnaimh agus gníomhaíochtaí éagsúla chun críocha suimitheach agus foirmitheacha araon. Tabharfaidh na cuir chuige mheasúnaithe chomhtháite seo fianaise ar an bhfoghlaim a bhaineann go dlúth leis an modúl seo agus cuirfidh siad deiseanna ar fáil don scoláire gnéithe an scoláire a bhaint amach agus Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí a fhorbairt. Nascfaidh siad le haidhmeanna agus le torthaí foghlama an mhodúil. |
| **Acmhainní** | Cur síos ar na hacmhainní a chabhróidh leis an bhfoghlaim sa mhodúl seo. |

Oide.ie


CC BY NC




*'Planning is the hard thinking teachers need to do in order to design quality opportunities for student learning'*

…Absolum, M. (2010), *Clarity in the Classroom*, l.179

# Ciall a bhaint as an gCuraclam


Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail

Oide

Déanann an scoláire difríocht dhearfach ina scoil, ina phobal agus sa tsochaí.

Taighde Gairme

Oide

Déanann an scoláire taighde ar chonairí todhchaí ar bhealach treoraithe comhordaithe, ag fáil taithí phearsanta ar láthair oibre agus ag forbairt inniúlachtaí a bhaineann leis an ngairm.

Fás Pearsanta

Oide

A bheith i d'Fhoghlaimeoir

Oide

Agus é ag tógáil ar na heispéiris a bhí aige go dtí seo, tosaíonn an scoláire ar a fhorbairt mar scoláire de chuid na sraithe sinsearaí, ag glacadh leis na deiseanna agus na straitéisí foghlama is fearr a oibríonn don scoláire anois, agus amach anseo.

Táscairí forbartha

- A bheith níos spreagtha chun foghlama agus breathnú ar an oideachas mar rud fiúntach taitneamhach.
- Spriocanna foghlama a shocrú agus athbhreithniú rialta a dhéanamh orthu.
- A bheith ag éirí níos inniúla le teicneolaíochtaí digiteacha, mar úsáideoir agus mar chruthaitheoir.
- A shuimeanna pearsanta féin a fhiosrú.
- Léirthuiscint níos fearr ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil.
- A bheith níos toilteanaí foghlaim ó bhotúin agus a chrios compoird a leathnú.
- Eolas agus scileanna atá ábhartha don tsraith shinsearach a shealbhú.
- Tábhacht an aiseolais a thuiscint agus níos mó measa a léiriú air.
- Cur lena acmhainneacht i dtaca le foghlaim neamhspleách fhéinrialaithe.
- A bheith níos oscailte i leith triail a bhaint as réimse straitéisí foghlama.
- A scileanna cumarsáide agus láithreoireachta a leathnú.
- A chuid smaointe féin a chur in iúl níos soiléire agus é ag plé le smaointe daoine eile.

Eispéiris scoláire


- Ábhair leanúnachais agus ag fáil blaiseadh d'ábhar le foghlaim a dearadh chun príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí a fhorbairt.
- Éagsúlacht d'oideolaíochtaí a bheadh ag teacht le fíorú aidhmeanna an Ráitis an Chláir agus le bheith ag tacú leis na táscairí forbartha do gach aon scoláire.
- Deiseanna bríocha foghlama lena n-ionchorprófaí ionchur an scoláire.
- Deiseanna le cur le foghlaim an scoláire le linn an aistrithe ón tsraith shóisearach go dtí an tsraith shinsearach.
- Measúnú ar a fhoghlaim agus forbairt trí éagsúlacht d'fhoirmeacha mar shampla múinteoir, piar- agus féinmheasúnú, agus chun críche foirmitheacha agus suimitheacha.
- Aitheantas do ghnóthachtáil i ngach réimse den churaclam.
- Punann a chruthú, faoi threoir, lena ndéanfaí taifeadadh ar fhorbairt an scoláire agus a dhul chun cinn mar fhoghlaimeoir.
- Réimse de thionscadail aonair agus foirne, comórtais, gníomhaíochtaí i gcaitheamh na bliana atá indéanta agus dúshlánach go leor.

Cén chaoi a léirítear Gnéithe an Scoláire sa Mhodúl Ceoil seo na hIdirbhliana?

Ráiteas an Chláir Idirbhliana (2024), l. 10-11

# Oideolaíocht na hIdirbhliana

Oide


An Roinn Oideachais
Department of Education

Ráiteas an Chláir Idirbhliana

Le tabhairt isteach i ngach scoil ó Mheán Fómhair 2025.

Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)

- *Le hoideolaíochtaí oiriúnacha éifeachtacha, mar aon le measúnú leanúnach, tacaítear leis an scoláire dul chun cinn a dhéanamh ina chuid foghlama agus cothaítear, chomh maith, cleachtas nuálach sa seomra ranga*


- *Soláthraíonn an IB am, spás agus neamhspleáchas chun eispéiris thaitneamhacha bhríocha a chruthú lena dtacaítear leis an scoláire*

Ráiteas an Chláir Idirbhliana (2024), l. 20 & l. 7

# Ceol an…

Cén chaoi a dtugann rannpháirtíocht sa tsraith seo eispéiris oideachasúla thaitneamhacha agus fhiúntacha do scoláirí?


Cén topaic eile a d’fhéadfá a chur leis an tsraith seo?



# An Fhoghlaim a Dhéanamh Infheicthe

Oide

## Gnéithe Scoláire na hIdirbhliana




*…cónascann siad sa chaoi is go dtéann siad trasna ar sheacht bpríomhinniúlacht na sraithe sinsearaí*



# Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí - Réamhrá





*Tagann siad in áit príomhscileanna na sraithe sinsearaí atá ann faoi láthair*

*Cuirtear beocht sna príomhinniúlachtaí trí na heispéiris foghlama agus na hoideolaíochtaí a roghnaíonn an múinteoir agus trí fhreagairtí an scoláire orthu seo.*

Ráiteas an Chláir Idirbhliana (2024), l. 5

# Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí - Réamhrá





Tá cur síos tosaigh ar gach inniúlacht, agus na torthaí foghlama uileghabhálacha agus na tréithe gaolmhara ina dhiaidh sin.

Cabhraíonn na tréithe le gach inniúlacht a dhéanamh níos soiléire trí leagan amach conas a fhorbróidh an scoláire an inniúlacht agus a chuirfidh sé an inniúlacht sin i bhfeidhm.

Ní dócha go bhforbróidh aon duine amháin na tréithe de na príomhinniúlachtaí seo go léir mar a chéile.

Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach (2024), l. 3-9

# Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí - Réamhrá




Roghnaigh ceann de sheacht bPríomhinniúlacht na Sraithe Sinsearaí agus sainaithin conas a d'fhéadfaí beocht a chur san inniúlacht sin i do sheomra ceoil

# Ceol na hEACHTRAÍOCHTA

## Comhthéacs Scoile Féideartha

- Ceoldráma bliantúil a dhearadh agus a chur ar an ardán san Idirbhliain
- Cuirtear ceol ar fáil mar ábhar sa tSraith Shóisearach
- Gearrchúrsa Taibhithe Ealaíne na Sraithe Sóisearaí curtha i gcrích ag go leor scoláirí

## Comhthéacs na Scoláirí

Smaoinigh ar do chuid scoláirí agus muid ag dul ar aghaidh tríd an bhfoghlaim seo

# Ceol na Sraithe Sóisearaí

**1.2** píosa gairid a chruthú agus a chur i láthair, ag baint úsáid as uirlisí agus/nó fuaimeanna eile mar fhreagairt ar spreagthach


**1.11** struchtúr píosa ceoil a léiriú trí léiriúchán fisiceach nó amhairc

**1.12** a léiriú nuair a athraíonn corda i sleachta ó rogha amhrán

**2.9** idirdhealú a dhéanamh idir sondais, réimsí agus tondathanna na roghanna uirlisí agus guthanna; a shainaithint conas a léirítear na fuaimeanna sin agus a láidreachtaí agus a dteorainneacha i dtaibhiú a mholadh

**2.5** saothar ceoil a ullmhú agus a chleachtadh do ensemble a dhíríonn ar chomhoibriú agus éisteacht do chothromú agus do thuin chainte; an léirmhíniú a bheachtú trí bhreathnú ar ghnéithe amhail soiléireacht, líofacht, éifeacht agus stíl


**3.5** samplaí de cheol teagmhasach a chumadh agus a thaibhiú a d'fhéadfaí a úsáid i gcomhthéacsanna nó i dtimpeallachtaí éagsúla




## Trí dul i ngleic le Scola agus le Tríchordaí a fhoghlaim conas a chabhródh sé leis an bhfoghlaim i gcroílár thorthaí foghlama seo na Sraithe Sóisearaí?

# Foghlaim Fhéideartha – Smaoineamh ceoil a chruthú & a thaibhiú

## Tá rud éigin ar tí tarlú! = TEANNAS / BÍSIMNÍ




**FIANAISE AR AN bhFOGHLAIM**


**Cruthaigh smaoineamh ceoil ag úsáid an tríchorda seo chun mothú a léiriú**

## Cuir Glaoch ar an otharcharr!








## Tá gach rud suaimhneach ciúin



# An Fhoghlaim a Chur Chun Cinn – Scanraithe!


Oide












# An Fhoghlaim a Chur Chun Cinn – Dóchasach!



















# An Fhoghlaim a Chur Chun Cinn – Fuinniúil










# An Fhoghlaim seo a Dhaingniú agus a Ghabháil




Ag úsáid do chuid uirlisí agus/nó bogearraí roghnaithe, oibrígí le chéile chun scór a thógáil do bhur réamhbhlaiseadh trí bhur gcuid smaointe beaga ceoil a eagrú i bpíosa gearr ceoil



# Fianaise a fháil ar an bhFoghlaim – Ceol EACHTRAÍOCHTA

Oide





- Úrnua?
- Samhlaíoch?
- Oilte?
- Sofaisticiúil?

MusicXML ar fáil ar oide.ie

# Litearthacht agus Uimhearthacht

Oide












Le Chéile in bhur ngrúpaí, cuirigí na téamaí seo san ord ina gcloistear iad








# Ag freastal ar fhoghlaim gach scoláire san IB

Oide







Smaoinigh ar an gcaoi a dtugann an dá choiriú seo deis do gach scoláire foghlaim

MusicXML ar fáil ar oide.ie


# A Bheith Ionchumsitheach

Oide





Conas a d'fhéadfadh na heispéiris foghlama seo deis a thabhairt do gach scoláire a bheith ag foghlaim?

# Idirbhliain...




- atá ionchuimsitheach
- a éascaíonn braistint fionnachtana
- a thuairiscíonn ar bhonn níos leithne ar fhoghlaim agus ar fhorbairt scoláirí
- a léiríonn meas ar an méid atá le tairiscint ag gach scoláire

Ráiteas an Chláir Idirbhliana (2024), l. 7




# An Fhoghlaim a Dhéanamh Infheicthe

Oide

*Is dóchúla go réadófar acmhainneacht bhunaithraitheach na bpríomhinniúlachtaí nuair a dhéanann an múinteoir agus an scoláire plé ar na hinniúlachtaí atá siad a fhorbairt.*

Aimsigh conas ar cuireadh beocht sna Príomhinniúlachtaí ‘A Bheith Cruthaitheach’ agus ‘Cumarsáid’ sna heispéiris foghlama seo. Cén tionchar a bheadh ag an bhfoghlaim seo ar do chleachtas sa seomra ranga?

# Ceol an SPÓIRT

Oide


## Comhthéacs Scoile Féideartha

- Traidisiún láidir spóirt sa cheantar áitiúil
- Scoil nua atá ag eagrú tionscnamh do scoláirí chun aintiún scoile a chruthú, mar aon le dearthaí geansaí d'fhoirne éagsúla agus suaitheantas scoile

## Comhthéacs na Scoláirí

Smaoinigh ar do chuid scoláirí agus muid ag dul ar aghaidh tríd an bhfoghlaim seo

# Ceol an SPÓIRT – Scil na Comparáide




Conas a d'fhéadfadh an t-eispéireas foghlama seo a chur ar chumas scoláirí tátail shoiléire ciallmhara a bhaint amach?

# An Fhoghlaim a Chur Chun Cinn - Litearthacht


Oide




Conas a d'fhéadfadh an fhoghlaim seo cur le tuiscint agus taitneamh scoláirí i leith siombailí, teanga agus fuaim agus cabhrú leo spriocanna foghlama pearsanta a shocrú?

# An Fhoghlaim a Chur Chun Cinn - Litearthacht

Oide




Conas a d’fhéadfadh an rannpháirtíocht seo cabhrú le scoláirí comhábhair an cheoil a iompú ina ngníomhartha, ina dtaibhithe agus ina saothair chruthaitheacha?

# Ceol an SPÓIRT – Éispéiris Foghlama den scoth




Conas a d'fhéadfadh na heispéiris foghlama seo scoláirí a spreagadh dul i mbun foghlama agus a gcrios compoird a leathnú?

# An Fhoghlaim a Dhéanamh Infheicthe

*Is dóchúla go réadófar acmhainneacht bhunaithraitheach na bpríomhinniúlachtaí nuair a dhéanann an múinteoir agus an scoláire plé ar na hinniúlachtaí atá siad a fhorbairt.*

Aimsigh 1-2 Príomhinniúlacht ar cuireadh beocht iontu sna heispéiris foghlama seo. Cén tionchar a bheadh ag an bhfoghlaim seo ar do chleachtas sa seomra ranga?

Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach (2024), I.3

# Ceol an ATHRAITHE

Oide

## Comhthéacs Scoile Féideartha


- Modúl amháin a athdhéanamh 3 huaire
- Éigeantach do gach scoláire
- Foireann na hIdirbhliana a shocraíonn an téama agus beifear ag plé leis ar fud an churaclaim

## Comhthéacs na Scoláirí

Smaoinigh ar do chuid scoláirí agus muid ag dul ar aghaidh tríd an bhfoghlaim seo

# Ceol an ATHRAITHE – Téama Traschuraclaim


Oide




Conas a d'fhéadfadh an t-eispéireas foghlama seo tuiscint an scoláire ar chearta an duine, ar an éagsúlacht agus ar an inbhuanaitheacht a dhoimhniú laistigh agus lasmuigh den seomra ranga?

# Ceol an ATHRAITHE- Cumadóireacht agus Léiriú

Oide




Ag úsáid an tionlacain scór físe seo, cuir do véarsa leis an amhrán seo. Ceol do leagan féin.

Conas a chuirfeadh an tasc seo ar chumas na scoláirí cumarsáid bhríoch a dhéanamh?

MusicXML ar fáil ar oide.ie


# Ceol an ATHRAITHE – Teicneolaíocht Foghlaim Dhigiteach Nuálach agus Chruthaitheach

Oide




Ceistigh conas a d'fhéadfadh an t-eispéireas foghlama seo smaointeoireacht chriticiúil a spreagadh agus conas a chabhródh sé le do scoláirí cur lena n-acmhainneacht i dtaca le foghlaim fhéinrialaithe

# Ceol an ATHRAITHE







Déan cur síos ar an gcaoi a dtéann gnéithe an scoláire trasna ar phríomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí trí na heispéiris foghlama i gCeol an ATHRAITHE.

# Ráiteas an Chláir Idirbhliana Nua 2024

## Modúl Ceoil Nua na hIdirbhliana

Ag machnamh ar an bplé a bhí againn inniu agus ar an iniúchadh ar fhoghlaim cheoil bhur n-idirbhliana reatha a rinneadh níos luaithe, cad é a chuimseofaí i Modúl Ceoil na hIdirbhliana 2025?

Roinn gníomh amháin a dhéanfadh sibh nuair a fhillfidh sibh ar scoil

# Agus an Fhoghlaim á Daingniú againn…

Oide

- rinne muid iniúchadh ar Ráiteas Chlár nuafhoilsithe na hIdirbhliana 2024 trí imscrúdú a dhéanamh ar mhodúl féideartha 10 gceacht do Cheol na hIdirbhliana
- rinne muid imscrúdú ar an gcaoi a gcuirtear beocht i bPríomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí trí eispéiris foghlama mholta don mhodúl Ceoil seo na hIdirbhliana

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Go raibh maith agaibh as bhur rannpháirtíocht!

Eispéiris um Fhoghlaim Ghairmiúil

2024 –2025

cc BY NC